EMPOWER
2 Dublin Landings, Cé an Phoirt Thuaidh
An Duga Thuaidh, Baile Átha Cliath D01 V4A3
E: info@emp.group
T: +353 (0)1 588 0178

14/03/2022

Maidir le: Feirm Ghaoithe na Tulaí Móire atá beartaithe i mbailte fearainn Dhoire Beag, na Tamhnaí Bige agus na Tulaí Móire i gCo. na Gaillimhe.

A chónaitheoir, a chara,

Mar a cuireadh in iúl trí chomhfhreagras tionscadail agus seimineáir ghréasáin roimhe seo, táimidne, EMPower, ag fiosrú go gníomhach an poitéinseal atá ann deis forbartha feirme gaoithe a bheith ann i gceantar na Tulaí Móire i gContae na Gaillimhe.
Tá an Limistéar Staidéir suite thart ar 9 gciliméadar Siar ó Uachtar Ard agus 6 chiliméadar Soir ón Teach Dóite. Gheobhaidh tú tuilleadh eolais ar an tionscadal beartaithe seo agus ar EMPower ag www.tullaghmorewindfarm.ie.

Tá an tionscadal atá beartaithe anois ag céim inar bailíodh agus inar tiomsaíodh sonraí uile an tsuirbhé measúnaithe comhshaoil chun bonn eolais a chur faoi leagan amach deiridh an tionscadail atá beartaithe. Leagtar amach sa Nuachtlitir seo forbhreathnú ar an tionscadal atá beartaithe ag céim Leagan Dearaidh a Dó.

Reáchtálfaidh foireann an tionscadail tráthnóna faisnéise faoin tionscadal in Óstán **Peacockes ag an Teach Dóite ar an 31/03/2022 áit ar féidir leat bualadh isteach ag am ar bith idir 4pm agus 7.30pm** chun tionscadal feirme gaoithe na Tulaí Móire atá beartaithe a phlé le baill den fhoireann dearaidh agus féachaint ar an bhfaisnéis tionscadail is déanaí.

Tá tús curtha againn freisin le seomra comhairliúcháin pobail ar líne don tionscadal feirme gaoithe atá beartaithe don Tulach Mhór. Tugann an seomra comhairliúcháin pobail seo an deis duit idirghníomhú le i bhfad níos mó faisnéise tionscadail lena n-áirítear na léirithe amhairc a ullmhaíodh don tionscadal atá beartaithe. Is féidir leat rochtain a fháil ar an Seomra Comhairliúcháin Pobail ar líne seo ó shuíomh gréasáin an tionscadail www.tullaghmorewindfarm.ie

Tá súil againn go leanfaidh na nuashonruithe tionscadail seo, ina leagtar amach faisnéis mhionsonraithe ábhartha ar an bpróiseas dearaidh a rinneadh, ar chuid de na ceisteanna agus na ceisteanna a fuaireamar go dtí seo. Sna seachtainí amach romhainn, de réir mar a thiocfaidh an togra dearaidh deiridh chun cinn, cuirfimid aighneacht pleanála tionscadail faoi bhráid Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Fógróimid é seo roimh ré i nuachtáin áitiúla agus ar shuíomh gréasáin an tionscadail.

Leanfaimid orainn ag déanamh gach iarrachta lena chinntiú go gcuirfimid an fhaisnéis uile a theastaíonn uait ar fáil duit chun sonraí an tionscadail bheartaithe seo a thuiscint go hiomlán de réir mar a théann sé ar aghaidh.
Cuirimid fáilte roimh an deis aon ghné den tionscadal atá beartaithe a phlé leat agus mar sin déan teagmháil leis an bhFoireann Tionscadail trí úsáid a bhaint as aon cheann de na sonraí teagmhála thíos nó bí linn ag tráthnóna oscailte an tionscadail atá le teacht, má tá aon réimse den tionscadal beartaithe ar mian leat a phlé tuilleadh.

Go raibh maith agat as an am a ghlacadh chun an t-ábhar seo a léamh.

Is mise le meas

Diarmuid Twomey,
Stiúrthóir bainistíochta EMPower

Ríomhphost:	tullaghmore@emp.group
Suíomh Gréasáin :	www.tullaghmorewindfarm.ie
Fón:	01 588 0178
Seoladh poist :	EMPower, 2 Dublin Landings, Cé an Phoirt Thuaidh, An Duga

Is ainm trádála cláraithe de chuid EMP Energy Limited é **EMPOWER**, cuideachta phríobháideach theoranta atá cláraithe in Éirinn faoi uimhir chuideachta 630312. **Stiúrthóirí:** Diarmuid Anthony Twomey, Iñigo Sabater Eizaguirre, Ingmar Wilhelm, Vimal Vallabh, Seán mac Cann. **Oifig chláraithe:** 2 Dublin Landings, Cé an Phoirt Thuaidh, An Duga Thuaidh, Baile Átha Cliath D01 V4A3.